AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 474 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

Iarscríbhinn II: Incháilitheacht beart faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – dáta tosaigh le haghaidh bearta incháilithe.

Ag céimeanna luatha ghéarchéim COVID-19, chuir na Ballstáit sraith beart chun feidhme ina n-aonar agus i dteannta a chéile chun saoránaigh agus gnólachtaí a chosaint, chomh maith le bainistiú na géarchéime a bhí ann agus na géarchéime a bheadh ann ina dhiaidh sin a éascú.Cé go raibh costais mhóra fhioscacha ag baint leis na bearta sin uaireanta, bhí na bearta sin ríthábhachtach chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chosaint trí thionchar sóisialta agus eacnamaíoch na géarchéime a mhaolú, rud a chuidigh leis na Ballstáit ina n-aonar agus leis an Aontas ina iomláine teacht slán as an ngéarchéim. Le gníomhaíocht ghasta an Choimisiúin, na mBallstát, Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun NextGenerationEU a mholadh agus a chomhaontú, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), rinneadh ionchais an mhargaidh agus na sochaí araon a chobhsú. Tháinig bearna ama chun cinn, áfach, idir tús na géarchéime agus tús chur chun feidhme STA.

Chun tacú le bearta a d'fhéadfadh a bheith stoptha murach sin mar gheall ar an ualach mór fioscach a chuir an ghéarchéim ar na Ballstáit, chomh maith le tacú leis an luathfhreagairt bheartais ar ghéarchéim COVID-19, thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle clásal 'cúlghabhálachta' isteach i Rialachán STA. Ba é an rún a bhí leis an gclásal 'cúlghabhálachta' sin tacú le luathfhreagairt bheartais na mBallstát. Ina theannta sin, tar éis foghlaim ó cheachtanna na géarchéime a tharla le déanaí san Eoraip, bhí sé i gceist a áirithiú nach gcuirfeadh na Ballstáit stop le hinfheistíochtaí ná nach laghdóidís iad i gcomhthéacs na géarchéime tromchúisí eacnamaíche agus sóisialta a tharla mar thoradh ar an bpaindéim, ionas nach ndéanfaí an crapadh eacnamaíoch níos doichte fós. Dá bhrí sin, sonraítear in Airteagal 17(2) de Rialachán STA nach mbeidh ach '*bearta ar cuireadh tús leo ón 1 Feabhra 2020 incháilithe ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo*'. Cuireadh foráil chomhchosúil lena mbaineann an loighic chéanna leis nuair a leasaíodh Rialachán STA chun caibidlí REPowerEU a chur leis (ní bheidh bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU '*incháilithe, ach amháin i gcás ina gcuirtear tús leo ón 1 Feabhra 2022 ar aghaidh*'). Ba phríomhthosaíocht do na Ballstáit agus don Choimisiún é, dá bhrí sin, agus pleananna téarnaimh agus athléimneachta á ndearadh agus á measúnú acu, a chinneadh cén uair a measadh gur cuireadh tús le beart.

Tosaíonn beart le cur chun feidhme ar an láthair.

Ní shainmhínítear go beacht i Rialachán STA an coincheap i ndáil le 'tús a bheith curtha le rud' ach tugtar tásca ann maidir lena bhrí. Go háirithe, ós rud é gur gá do na

Ballstáit costais iomlána mheasta na mbeart nach mór 'tús a bheith curtha leo' tar éis an 1 Feabhra 2020 a chur isteach, tá sé réasúnta a mheas gur cheart go dtarlódh na costais uile i dtéarmaí staidrimh tar éis an dáta sin.

I dtéarmaí staidrimh, ní thaifeadtar caiteachas ná sócmhainní ach amháin nuair a chuirtear tús le cur chun feidhme tionscadail. Faoi chóras Eorpach na gcuntas náisiúnta agus réigiúnach (CCE 2010)[1], feidhmíonn cuntasaíocht phoiblí ar bhonn fabhrúcháin, rud a chiallaíonn go dtaifeadtar idirbhearta nuair a chruthaítear, nuair a chlaochlaítear, nuair a mhalartaítear, nuair a aistrítear nó nuair a mhúchtar luach eacnamaíoch. Ní thosófar ar luach eacnamaíoch a chruthú go dtí go gcuirfear tús le cur chun feidhme birt ar an talamh. Áirithítear leis an gcur chuige sin go léirítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha go cruinn sa tréimhse ina dtarlaíonn siad i ndáiríre. Tá codarsnacht idir an modh sin agus cuntasaíocht bunaithe ar airgead tirim, ina dtaifeadtar idirbhearta nuair a fhaightear nó nuair a íoctar airgead tirim, rud a tharlaíonn, de ghnáth, roinnt ama tar éis idirbheart a chur i gcrích agus bille a eisiúint.

Dírítear tuilleadh ar chur chun feidhme iarbhír an bhirt, nuair a bhíonn údar maith leis na costais iarbhír, toisc nach gá go gcomhfhreagródh síniú conartha do thús birt. Go ginearálta, bíonn céimeanna éagsúla pleanála, buiséadaithe, soláthair agus ullmhúcháin roimh bhearta infheistíochta poiblí. Áirítear le céimeanna ullmhúcháin caibidlíocht agus síniú comhaontaithe chonarthaigh amháin nó níos mó. Is iondúil go mbíonn clásail i gcomhaontuithe conarthacha lena rialaítear coinníollacha amhail fasach, foirceannadh agus cealú, sárú oibleagáidí agus cásanna force majeure. D'fhéadfadh clásail den sórt sin cosc a chur ar oibreacha dul ar aghaidh nó fiú tosú, i gcás ina dtugtar faoi deara go bhfuil ábharthacht ar leith ag baint le clásail den sórt sin i bpaindéim dhomhanda. Dá bhrí sin, ní chomhfhreagraíonn síniú comhaontuithe conarthacha do thús birt. Bheadh léirmhíniú den sórt sin i gcoinne rún na gcomhreachtóirí agus loighic idirghabhála STA, ós rud é go mbeadh eisiamh roinnt beart mar thoradh air, i gcás inar chinn na Ballstáit gan conarthaí a chur siar nó a fhoirceannadh, ach tús a chur lena gcur chun feidhme agus tairbhe a bhaint as tacaíocht STA.

Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na prionsabail staidrimh agus dhlíthiúla thuas, léiríodh tús birt mar thús chur chun feidhme an bhirt ar an talamh. Áirithítear leis an léirmhíniú sin comhsheasmhacht le loighic agus le prionsabail Rialachán STA, agus le cineál feidhmíochtbhunaithe STA. Is nuair a thosaítear ar luach eacnamaíoch a chruthú gur féidir cur chun feidhme birt a mheas mar bheart ar cuireadh tús leis.

[1] Is é an córas Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach (CEC 2010) creat cuntas náisiúnta an Aontais atá comhsheasmhach leis na treoirlínte idirnáisiúnta maidir le cuntasaíocht náisiúnta. Ceanglaítear ar Bhallstáit an Aontais an creat staidrimh maicreacnamaíoch sin a leanúint agus a gcuntais náisiúnta á dtáirgeadh acu.

Cuireann treoir ón gCoimisiún prionsabail an Rialacháin i bhfeidhm

Chuir an Coimisiún treoraíocht ar fáil do na Ballstáit maidir le conas an clásal cúlghabhálachta a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. I gcomhréir leis na prionsabail a bhunaigh na comhreachtóirí sa Rialachán, in CCE 2010 agus i gcomhréir le cineál feidhmíochtbhunaithe na hionstraime, d'eisigh an Coimisiún treoraíocht do na Ballstáit i mí Feabhra 2021[2] inar sonraíodh nach féidir tacú le bearta '*ach amháin a mhéid nár cuireadh tús lena gcur chun feidhme (a dtabhaítear na costais ina leith) go dtí an 1 Feabhra 2020 nó ina dhiaidh sin.*'

Ina theannta sin, sa treoraíocht a chuir seirbhísí an Choimisiúin ar fáil d'údaráis náisiúnta cur chun feidhme STA, mar fhreagra ar cheisteanna uathu, sonraíodh a thuilleadh conas 'tús' a bheith curtha le beart a léirmhíniú: '*Ní féidir tionscadail ar seoladh a gcéimeanna ullmhúcháin agus tosaigh (lena n-áirítear soláthar) roimh an 1 Feabhra 2020 a mheas mar thionscadail atá incháilithe do chistiú STA ach amháin le haghaidh céimeanna nó fothionscadail atá sainithe go soiléir agus a chuirtear chun feidhme tar éis an 1 Feabhra 2020, agus a bhfuil na costais ina n-iomláine taifeadta ina leith (i dtéarmaí an Chórais Cuntas Eorpaigh (CEC2010)) tar éis an 1 Feabhra 2020.*'

Cuireann an Coimisiún an treoraíocht sin i bhfeidhm chun comhsheasmhacht a áirithiú

Ina mheasúnú ar na pleananna agus ar incháilitheacht na mbeart de réir Airteagal 17(2), cuireann an Coimisiún dhá phríomhthástáil i bhfeidhm dá bhrí sin chun comhlíonadh na bprionsabal thuas a áirithiú.

1) Ar cuireadh tús le cur chun feidhme an bhirt atá beartaithe an 1 Feabhra amháin nó ina dhiaidh sin?; agus
2) Ar cuireadh tús leis na costais a tabhaíodh don chur chun feidhme sin an 1 Feabhra amháin nó ina dhiaidh sin? Go sonrach, an ndéantar iomlán na gcostas a thaifeadadh (i dtéarmaí Chóras Eorpach na gCuntas (CEC2010)) tar éis an 1 Feabhra 2020?

Léirítear sna samplaí thíos an chaoi a gcuireann an Coimisiún an dá phríomhthástáil sin i bhfeidhm:

<u>Sampla 1:</u>

- Síníonn Ballstát conradh le haghaidh oibreacha tógála le haghaidh líne iarnróid nua lena nasctar dhá chathair réigiúnacha, rud a chruthaíonn acmhainneacht bhreise in iompar iarnróid i mí na Nollag 2019.

[2] https://commission.europa.eu/publications/guidance-member-states-recovery-and-resilience-plans-part-1_en.

- Léiríonn sleachta as an leabhar tógála arna shíniú ag an gconraitheoir, chomh maith leis an gcéad sonrasc a d'eisigh an conraitheoir, gur cuireadh tús leis an obair iarbhír ar an láithreán tógála i mí an Mhárta 2020.
- Dá bhrí sin, measann an Coimisiún (i) gur tharla céim ullmhúcháin atá sainithe go soiléir nach cuid de bheart STA í (síniú an chonartha) roimh an 1 Feabhra 2020, agus (ii) gur cuireadh tús le céim cur chun feidhme atá sainithe go soiléir agus atá mar chuid de bheart STA (i.e. obair thógála iarbhír) tar éis an 1 Feabhra 2020 agus (iii) go dtaifeadtar iomlán na gcostas don chéim cur chun feidhme sin i dtéarmaí CCE 2010 tar éis an 1 Feabhra 2020.

Sampla 2:

- Eisíonn Ballstát orduithe ceannaigh chun trealamh TF a fháil i mí na Nollag 2019.
- Is é mí an Mhárta 2020 dáta an doiciméid iompair nó seachadta lena ndeimhnítear aistriú na n-earraí ón díoltóir chuig an eintiteas ceannaigh.
- Dá bhrí sin, measann an Coimisiún (i) gur tharla céim soláthair atá sainithe go soiléir [nach cuid de bheart STA í] (orduithe ceannaigh) roimh an 1 Feabhra 2020, agus (ii) gur cuireadh tús le céim cur chun feidhme atá sainithe go soiléir agus atá mar chuid de bheart STA (i.e. seachadadh, suiteáil agus oibríochtú) tar éis an 1 Feabhra 2020 agus (iii) go dtaifeadtar iomlán na gcostas don chéim sin i dtéarmaí CCE 2010 tar éis an 1 Feabhra 2020.

Sampla 3:

- Iarrann Ballstát tacaíocht ó STA chun líne iarnróid idir dhá chathair mhóra a leictriú, mar chuid de thionscadal nuachóirithe a glacadh in 2019 a bhaineann le stráice iarnróid níos faide ná an méid dá dtagraítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.
- Sínítear an conradh chun an líne iarnróid iomlán a leictriú leis an gconraitheoir i mí na Nollag 2019.
- Cuirtear tús leis an obair ar an iarnród idir an dá chathair i mí Aibreáin 2022, mar a fhianaítear leis an doiciméadacht tionscadail dá bhforáiltear sa chonradh.
- Measann an Coimisiún dá bhrí sin (i) gur tharla céim soláthair atá sainithe go soiléir nach bhfuil mar chuid de bheart STA (orduithe ceannaigh) roimh an 1 Feabhra 2020, agus (ii) gur cuireadh tús le fothionscadal cur chun feidhme atá sainithe go soiléir agus atá mar chuid de bheart STA tar éis an 1 Feabhra 2020 agus (iii) go ndéantar na costais iomlána don chéim sin a thaifeadadh i dtéarmaí CCE 2010 tar éis an 1 Feabhra 2020.